# LEABHAR SAOTHAIR GARDAÍ DO LEANAÍ







## Buíochas:

**Téacs agus Leagan Amach:** Eileen Keane, Róisín Burke, Sharon Greene, an Ceannfort Damien Flanagan

**Maisiúcháin:** Sara Nylund

**Profáil:** Marianne ten Cate

**Aistriúchán:** Europus

**Dearadh Grafach:** Sara Nylund

**Arna chur i gcló ag:** KPW Print Management (Béal Átha na Sluaighe)

**Eagarthóirí agus Bainisteoirí Tionscadal:** An Ceannfort Damien Flanagan agus Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe

**Tacaíocht Riaracháin:** Ita Gordon, Gina O'Shaughnessy, Anne Power agus Martina Creaven, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

**Arna mhaoiniú ag:** An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Maoiniú Údaráis Áitiúil do Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán) agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Is gníomh é seo de Straitéis Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe

**ISBN:** 978-1-913449-22-3

©Comhairle Chontae na Gaillimhe & An Garda Síochána

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Clár

| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **2** |
| **Amlíne** | **3** |
| **Cuid a hAon: An Stair agus na Gardaí** | **4** |
| Constáblacht Ríoga na hÉireann | 5 |
| Na Dubhchrónaigh (Black and Tans)/Na Póilíní Cúnta (Auxillaries) | 5 |
| Póilíneacht i gCo. na Gaillimhe i rith Chogadh na Saoirse | 6 |
| Fórsa Neamhspleách Póilíneachta i Stát Neamhspleách | 7 |
| An Garda Sibhialta | 7 |
| Póilíneacht i rith Chogadh na gCarad | 8 |
| Ord agus smacht reachta arís | 9 |
| Athainmniú | 10 |
| Coláiste an Gharda Síochána | 10 |
| Bonn Scott | 11 |
| Staidéar Cáis: Gardaí Cróga na Gaillimhe | 12 |
| **Cuid a Dó: Fórsa Póilíneachta Nua-aimseartha** | **13** |
| Póilíneacht Pobail: a bhfuil i gceist leis? | 13 |
| Póilíneacht Pobail an lae inniu | 13 |
| Éide an Gharda | 14 |
| Trealamh | 15 |
| **Aonaid Speisialta an Gharda Síochána** | **16** |
| Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána | 16 |
| Aonad Marcthacaíochta an Gharda Síochána | 17 |
| Aonad Gadhar an Gharda Síochána | 18 |
| Aonad Uisce an Gharda Síochána | 19 |
| Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána | 20 |
| Aonad Tacaíochta faoi Airm an Gharda Síochána | 21 |
| Iniúchóirí Láithreacha Coire an Gharda Síochána | 22 |
| Cúltaca an Gharda Síochána | 24 |
| Aonad Oird Phoiblí an Gharda Síochána | 25 |
| Gráid an Gharda in ord íslitheach | 27 |
| **Foinsí breise Eolais** | **28** |
| **Bileoga Saothair** | **30** |

# Réamhrá

Tá de chuspóir leis an leabhar saothair seo go dtabharfaí léargas do dhaltaí rang 5 agus rang 6 ar bhunú an Gharda Síochána.  Scrúdaítear bunú an Gharda Síochána tráth a raibh athrú mór ar chúrsaí sóisialta agus polaitíochta ar oileán na hÉireann agus an chaoi ar tugadh stíl póilíneachta dá chuid féin chun cinn. Tá cion tairbhe á dhéanamh ag an nGarda Síochána ó bunaíodh an stát ionas go mbíonn saol sábháilte síochánta ag gach duine agus Gardaí ag saothrú le dlúthchaidreamh a chothú leis an bpobal ina dtimpeall.

Sa leabhar saothair seo, foghlaimeofar, trí scrúdú a dhéanamh ar na bealaí éagsúla ina n-oibrítear, faoi na róil a bhíonn ag na Gardaí maidir le sochaí a chruthú atá sábháilte agus tuisceanach. Foghlaimeofar freisin faoin oiliúint a théann orthu, faoin éide, faoi na modhanna iompair agus na hainmhithe (i.e capaill agus madraí) a chuidíonn leo i mbun dualgais.  Breathnófar freisin ar fhórsa an lae inniu agus an t-athrú leanúnach atá ag teacht ar an bhfórsa chun go mbeidh sé ina fhoras iléagsúil ilchultúrtha faoi mar a éilítear i saol na linne seo.

# Amlíne an Gharda Síochána

**1822**



Cuireadh Constáblacht na hÉireann ar bun

**1867**



Tugadh an teideal 'Constáblacht Ríoga na hÉireann' dóibh

**1916**



Tharla Éirí Amach na Cásca agus fógraíodh Poblacht na hÉireann

**1919**



**(Eanáir)** Chuir Sinn Féin rialtas neamhspleách ar bun (Dáil Éireann) agus fógraíodh saoirse na hÉireann.

Thosaigh Cogadh na Saoirse

**1921**



**(Iúil)** Tháinig deireadh le Cogadh na Saoirse nuair a fógraíodh sos cogaidh

**(Nollaig)** Síníodh an Conradh Angla-Éireannach agus cuireadh Saorstát Éireann ar bun.

**1922**



**(Eanáir)** cuireadh deireadh le Constáblacht Ríoga na hÉireann

**(Feabhra)** Cuireadh an Garda Sibhialta ar bun

**(Meitheamh)** Thosaigh Cogadh na gCarad

**1923**




**(Bealtaine)** Tháinig deireadh le Cogadh na gCarad

**(Lúnasa)** Athainmníodh an Garda Sibhialta faoin ainm An Garda Síochána.

**1937**



**(Nollaig)** Ghlac Saorstát Éireann le "Éire" mar ainm agus aontaíodh ar bhunreacht nua.



POBLACHT NA H EIREANN.

THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE IRISH REPUBLIC

TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,
THOMAS J. CLARKE.
SEAN Mac DIARMADA. THOMAS MacDONAGH.
P. H. PEARSE. EAMONN CEANNT.
JAMES CONNOLLY. JOSEPH PLUNKETT.

**I mí Aibreáin 1916,** d'éirigh poblachtánaigh amach in aghaidh riail na Breataine in Éirinn agus fógraíodh Poblacht na hÉireann. Cé gur cuireadh Éirí Amach na Cásca faoi chois tar éis seachtain trodaíochta, d'fhág an tÉirí Amach agus beartaíocht na Breataine ina leith gur mó de mhuintir na hÉireann a thaobhaigh le cúis na saoirse.

San olltoghchán i mí na **Nollag 1918,** bhí bua ollmhór ag an bpáirtí poblachtánach, Sinn Féin, in Éirinn. Ar an **21 Eanáir 1919**, chuir siad rialtas malartach (Dáil Éireann) ar bun i mBaile Átha Cliath agus fógraíodh neamhspleáchas na hÉireann. Mar gheall ar imeachtaí agus eachtraí éagsúla a d'eascair uaidh sin, cuireadh tús le Cogadh na Saoirse; feachtas treallchogaíochta a fearadh ar mhaithe le 'rialtas dúchais' a bhaint amach.



# Constáblacht Ríoga na hÉireann

Constáblacht na hÉireann/Constáblacht Ríoga na hÉireann (nó an RIC mar a thugtaí air) an fórsa póilíneachta a bhí in Éirinn go dtí an bhliain 1922. B'in an tráth a dtagadh iomlán oileán na hÉireann faoi scáth na Ríochta Aontaithe.



# Na Dubhchrónaigh (Black and Tans)/Na Póilíní Cúnta (Auxillaries)

I rith Chogadh na Saoirse, bhí cúnamh breise ag teastáil ón RIC agus earcaíodh daoine nua anall as an mBreatain. Ba iad seo na Dubhchrónaigh nó na Póilíní Cúnta, Black and Tans nó Auxiliaries mar a tugadh orthu, agus bhí míchlú orthu maidir le brúidiúlacht agus ionsaí a dhéanamh ar shaoránaigh.

Rinne daoine baghcat ar na póilíní uilig mar gheall ar an mbrúidiúlacht seo agus bhí sé deacair acu a gcuid dualgais a dhéanamh mar gheall air sin.




## Bosca Fíricí

**Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin**

An raibh a fhios agat gur mar gheall ar a gcuid éide a tugadh Black and Tans mar ainm orthu? Ní raibh dóthain cultacha RIC ar fáil agus chaith siad meascán idir éide airm agus éide RIC dá bharr sin.

Bhí bunús eile leis an leasainm freisin, na dathanna a bhí ar na gadhair sa chonairt a choinnítí le haghaidh fiach an tsionnaigh ag an teach mór sa Scairtín, Co. Luimnigh.

**Mír fianaise:**



## Cás faoi Leith:

# Póilíneacht i gCo. na Gaillimhe i rith Chogadh na Saoirse

Rinne na Dubhchrónaigh gníomhartha uafásacha ar fud na Gaillimhe i rith Chogadh na Saoirse, ina measc Tuaim a chur trí thine an 19 Iúil 1920, agus an tAthair Ó Gríofa, beirt deartháireacha de mhuintir Lachtnáin agus Eileen Quinn, bean phósta, a dhúnmharú.

Mar gheall ar a leithéid sin, ní raibh meas ag daoine ar phóilíní agus dhiúltaítí freastal orthu sna siopaí. Bhí daoine eile a d'fhéach le díoltas a imirt orthu.




Nuair a bhí baghcat á dhéanamh ag an bpobal ar an RIC, thosaigh Óglaigh na hÉireann ag dul i mbun chúram na póilíneachta, Póilíní na Poblachta a thugtaí orthu.

Bhí cuid mhór de dhualgais na bpóilíní á dtarraingt orthu féin ag Óglaigh na hÉireann. Ba chuimhin le Tomás Ó Mainnín, duine de na hÓglaigh, maidir le tuaisceart na Gaillimhe go raibh cásanna éagsúla inar tharla aighneas idir comharsana nár tháinig os comhair na cúirte ar chor ar bith mar gheall go bhfuair na hÓglaigh réiteach orthu...

*'The people then had a very great regard for the sincerity of the Volunteers...'*

# Fórsa Neamhspleách Póilíneachta i Stát Neamhspleách



Socraíodh sos cogaidh ar an **11 Iúil 1921** agus níor lean Cogadh na Saoirse ina dhiaidh sin. Tar éis cainteanna casta a lean ar feadh i bhfad, d'aontaigh rialtas na Breataine go mbeadh Saorstát Éireann sa chuid ó dheas den oileán. Síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921.

## An Garda Sibhialta



Chuir Micheál Ó Coileáin an Garda Sibhialta ar bun i mí **Feabhra 1922** chun tabhairt faoi chúram na póilíneachta i Saorstát Éireann.

Ar an **17 Lúnasa 1922,** tugadh Caisleán Bhaile Átha Cliath, an áit a mbíodh a cheanncheathrú rialtais ag an mBreatain in Éirinn, ar láimh go foirmeálta don Saorstát agus tháinig an fórsa nua póilíneachta isteach geataí an chaisleáin faoi cheannas Michael Staines, an Coimisinéir.

**Bosca Fíricí**

Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin

Tháinig deireadh leis an Saorstát ar an 29 Nollaig 1937 nuair a tháinig an bunreacht nua i bhfeidhm agus bhí Éire mar ainm ar an stát ina dhiaidh sin.

Mír fianaise:

Cuid a hAon

# Póilíneacht i rith Chogadh na gCarad

Thosaigh Cogadh na gCarad i mí **Meitheamh 1922**. Bhí troid idir an dream a bhí ‘ar son an chonartha’ (a d’aontaigh le deighilt na hÉireann idir sé chontae is fiche sa Saorstát agus sé chontae i dTuaisceart Éireann) agus an dream a bhí ‘in aghaidh an chonartha’ (den tuairim gur cheart go mbeadh na contaetha ar fad tugtha ar láimh ag an mBreatain). Tharraing an cogadh seo díomá agus easaontas géar sa tír - fiú idir daoine den aon teaghlach amháin.

**Bosca Fíricí:** Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin

Go dtí an County Club ar an bhFaiche Mhór i mbaile mór an Gaillimhe agus go Béal Átha na Sluaighe a aistríodh dreamanna den Gharda Sibhialta as Baile Átha Cliath go Gaillimh ar dtús, an tseachtain deiridh de mhí Meán Fómhair 1922. Ar a theacht dóibh, dúirt an ceannasaí nua leis na páipéir nuachta:


*‘We are an entirely civil force and do not carry any firearms. Our only weapon is a truncheon and our mission is to carry out the civil law quite irrespective of party or politics.’*

**Mír fianaise:**



Cúig lá tar éis shearmanas an aistrithe cumhachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, scaoileadh Micheál Ó Coileáin, an té a bheartaigh deireadh a chur leis an gConstáblacht Ríoga agus bunú an Gharda Síochána, i mBéal na Bláth i gContae Chorcaí.

Bhí beartaithe gur fórsa armtha a bheadh san fhórsa nua ach socraíodh ar ghardaí dí-armtha go gairid tar éis an fórsa a chur ar bun. Mar gheall go raibh na Gardaí dí-armtha, is mó an trust as an bhfórsa agus an glacadh a bhí ag daoine den phobal leis na Gardaí ina measc.



# Ord agus smacht reachta arís

Faoi mhí **Dheireadh Fómhair 1923**, bhí níos mó ná 600 den 800 beairic den Gharda Sibhialta curtha ar bun.

Thug Caoimhín Ó hUiginn, an tAire Gnóthaí Baile, aitheasc i nDún Laoghaire ag moladh an obair a bhí an fórsa nua póilíneachta a dhéanamh:



# Athainmniú




Ar an **8 Lúnasa 1923**, athraíodh ainm an fhórsa ón nGarda Sibhialta go dtí an **Garda Síochána**. An dream daoine a chaomhnaíonn an tsíocháin a chiallaíonn an t-ainm. Ar ndóigh, is mar a chéile an focal 'Garda' a thugtar ar gach duine sa ghrúpa freisin agus is minice a chloistear tagairt do "na Gardaí" sa ghnáthchaint ná tagairt don ainm oifigiúil ar eagras iomlán.

Úsáidtear Garda i mBéarla chomh maith ach is iondúil gur 'Guard' a thugtar ar dhuine amháin agus 'the Guards' go neamhfhoirmeálta ar an eagras. Sa bhliain 1959 a earcaíodh mná den chéad uair. Bhíodh an focal 'Bangharda' in úsáid anall go dtí an bhliain 1990 ach is Garda a úsáidtear anois maidir le gach garda gan aon idirdhealú maidir le hinscne.




## Coláiste an Gharda

Nuair a cuireadh an Garda Síochána ar bun den chéad uair, is i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath a bhí oiliúint á cur orthu i dtosach go dtí gur athraíodh go dtí seancheanncheathrú an RIC i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath, an áit a bhfuil Ceanncheathrú an Gharda Síochána go dtí an lá atá inniu ann. Sa bhliain 1964, athraíodh Coláiste an Gharda go dtí an Teampall Mór i gContae Thiobraid Árann san ionad ina mbíodh Dún Mhic Canna roimhe sin.

# Bonn Scott

Is faoi Choimisinéir an Gharda a mholadh don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 'Bonn Crógachta Scott' a bhronnadh ag searmanas foirmeálta. Fear rachmais agus daonchairdis a bhí in Colonel Walter Scott agus é ina choimisinéir onórach ar Phóilíní Chathair Nua-Eabhrac sa bhliain 1923.

Bhí sé chomh tógtha leis an bhfórsa póilíneachta nuabhunaithe in Éirinn gur shocraigh sé ciste as a n-íocfaí ar bhonn óir bliantúil a bhronnfaí ar dhuine a léirigh sárchrógacht phearsanta. Tosaíodh sa bhliain 1925 ar bhonn airgid agus ar bhonn cré-umha a bhronnadh chomh maith. Sa bhliain 1942 athraíodh cúis bhronnta an bhoinn óir go luaitear 'gníomh gaisce sárchalma lena mbaineann baol báis le linn dualgas a dhéanamh.'




# Gnéithe Dearthóireachta maidir le Bonn Scott

John F. Maxwell, múinteoir adhmadóireachta sa Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath a rinne an obair dearthóireachta ar Bhonn Scott, agus a rinne obair roimhe sin ar shuaitheantas an Gharda.

Déanamh ardchroise atá ar an mbonn atá maisithe le siombail Éireannacha agus siombail Mheiriceánacha agus le Suaitheantas an Gharda i lár báire.

# Staidéar Cáis: Gardaí Cróga (na Gaillimhe)

## Tuairsic

**Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin**

Ar an 27 Lúnasa 1938 ag a 1 r.n., bhí an Garda Daniel Manley ar patról leis an nGarda Curran i dTuaim, Co. na Gaillimhe. Tháinig siad trasna ar fhear a raibh gunna gráin aige. Cé nach raibh sé cinnte an raibh grán sa ghunna, d'éirigh leis an nGarda Manley é a bhaint de. Gabhadh an fear agus gearradh téarma príosúnachta air. Bronnadh bonn cré-umha Scott ar an nGarda Manley as ucht a chuid crógachta.

Ar an 4 Nollaig 1970, rinne an Garda Michael McGann deifir go dtí áit a bhí trí thine ar Shráid na hEaglaise i mbaile an Ghoirt. Ar a theacht i láthair dó, luadh leis go raibh buachaill dhá bhliain d'aois fós istigh. Ainneoin an tsíleáil a bheith trí lasadh agus an teach plúchta le deatach dubh dorcha, chuaigh sé isteach agus rinne lámhacán trasna an urláir go dtí gur aimsigh sé an buachaill. Thug sé slán é. Bronnadh bonn cré-umha Scott ar an nGarda McGann as ucht a chuid crógachta.

An Garda Bernice Mulderrig, Beairic na nGardaí, Órán Mór. Bonn Airgid Scott. An Garda Alan Keane, Beairic na nGardaí, Órán Mór. Bonn Airgid Scott. Ar an 15 Feabhra 2009, sheas an bheirt Ghardaí thuasluaite roimh chúigear fear armtha, a raibh gunna gráin agus tua acu, ag teach príobháideach, i Leacach, an Turlach Mór, Co. na Gaillimhe. Dhírigh na fir arm tine ar na Gardaí agus buaileadh an Garda Keane leis an tua. D'éirigh leisean ansin breith ar an ngunna gráin luchtaithe agus é tharraingt ó dhuine de na fir. Lean na Gardaí na fir a gabhadh agus a ciontaíodh ina dhiaidh sin iad.

**Bronnadh deich gcinn de Bhoinn Scott ar Ghardaí a bhí lonnaithe i nGaillimh ó tosaíodh ar an mbonn a bhronnadh an chéad lá**

**Bileoga ag bun na cáipéise**

## Póilíneacht Pobail: a bhfuil i gceist leis



Póilíneacht pobail a thugtar sa lá atá inniu ann ar an gcineál oibre atá ar bun ag na Gardaí ó thús. Bhí tábhacht mhór riamh anall le caidreamh an Gharda Síochána leis na daoine.

Ó laethanta tosaigh na heagraíochta, rinneadh gach dícheall fórsa póilíneachta a chruthú a bhí ceangailte go dlúth leis an bpobal a rabhthas ag freastal air. Bhí beairic Gardaí i mbeagnach gach baile beag agus ba mhinic an Sáirsint agus a theaghlach ina gcónaí ann. Ar rothair is mó a bhíodh na Gardaí ag dul thart agus bhí cleachtadh mhaith ag daoine ar iad a fheiceáil. Mholtaí dóibh a bheith páirteach i gclubanna spóirt san áit, i ngrúpaí pobail agus in imeachtaí na háite; nós a leantar sa lá atá inniu ann freisin.

## Póilíneacht Pobail an lae inniu

Ciallaíonn 'póilíneacht pobail' seirbhís póilíneachta a chur ar fáil don phobal ar fad, i gceantair foirgníochta nó faoin tuath. Tá daoine i bpobal an lae inniu de bhunadh éagsúil agus le riachtanais éagsúla. Ionas gur féidir freastal don athrú sin, tharla athrú agus athchóiriú mar eagraíocht ar an nGarda Síochána. Oibrítear go dlúth leis an bpobal i ngach ceantar chun coiriúlacht a chosc agus an dlí a chur i bhfeidhm.



# Éide an Gharda Síochána

Tugadh treoir sa chéad chód a bhí ag an nGarda Síochána sa bhliain 1928 go mbeadh na Gardaí glan rialta ina ndreach, maidir lena gcuid éadaigh agus lena gcuid trealaimh. Bheidís glanbhearrtha agus a gcuid gruaige néata cóirithe. Bheadh a gcuid cnaipí, na naisc láimhe, an smachtín agus cás an smachtín glan snasta freisin.

**Tá athrú tagtha ar éide an Gharda le céad bliain anuas.**



**1922** Tuineach foirmeálta le cába ard os cionn léine arbh fhéidir an bóna a bhaint di a bhí in éide an Gharda sa bhliain 1922.




**1952** Tháinig an chéad athrú mór sa bhliain 1952 nuair a tugadh tuineach muineál oscailte isteach, le suaitheantas an Gharda ar an mbrollach, chomh maith le léine agus carabhat. Tháinig 'bulls-wool' de leasainm ar an éide seo ó tharla go raibh an t-éadach crua agus de mhí-chlú air gurbh dheacair a choinneáil glan. Dath an airgid a bhí ar na cnaipí agus theastaigh snas a chur iontu go minic. Bíonn sin in úsáid i gcónaí ar ócáidí foirmeálta.



**1987** Sa bhliain 1987, athraíodh go dtí éadach níos éadroime gorm agus éiríodh as an gcaipín ar a mbíodh píce d'ábhar plaistigh.

**1991** Sa bhliain 1991, éiríodh as an tuineach foirmeálta a chaitheamh ar dualgas faoin aer agus tosaíodh ar sheaicéad patróil a chaitheamh atá níos compordaí, níos áisiúla agus níos praiticiúla agus an aimsir a bhíonn againn in Éirinn.




**2005** Cuireadh feabhas breise ar an seaicéad arís sa bhliain 2005 agus cuireadh buataisí cosanta ar fáil do na Gardaí den chéad uair riamh.



**2020** Sa bhliain 2020, ceadaíodh do Ghardaí ceannbheart a chaitheamh atá ceangailte le creideamh nó cultúr an Gharda féin.




**2021** Sa bhliain 2021, tugadh culaith nua éide isteach, léine póló atá praiticiúil agus éide comhraic dhubhghorm le pócaí breise le caitheamh i mbun ghnáthobair an lae. Sa bhliain 2021 freisin a ceadaíodh den chéad uair do Ghardaí féasóg a ligean orthu féin!

**Caipíní:** Ainneoin ar tharla d’athruithe maidir leis an éide le himeacht aimsire, is beag athrú a tháinig ar an gcaipín ach amháin gur athraíodh ábhar an phíce sa bhliain 1987.

# Trealamh

Ní gnách ag an gcuid is mó de na Gardaí a chaitheann éide i mbun dualgais arm tine a bheith ar iompar acu. Eisítear trealamh ASP, smachtín ar féidir fad a bhaint as, sprae piobair agus naisc láimhe leis an nGarda mar threalamh cosanta pearsanta.




**Trealamh speisialta:**



Sa bhliain 2007, tugadh veist shá-dhíonach do na Gardaí ar fad ar mhaithe lena gcosaint ar sceanairt. Eisítear éide speisialta agus trealamh atá oiriúnach dá gcuid dualgais le Gardaí sna hAonaid Speisialta, mar shampla an tAonad Tacaíochta faoi Airm, Aonad na nIniúchóirí Láithreacha Coireanna, Aonad na Rothar Sléibhe, Aonad na nGluaisrothar agus na haonaid don Ord Poiblí.

# Aonaid Speisialta an Gharda Síochána

Tá aonaid áirithe den Gharda Síochána atá dírithe go speisialta ar ról agus ar réimse dualgais faoi leith.  Seo roinnt samplaí:

## Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána

**Bunaíodh:** 1997

**Bunáit:** Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, Baile Átha Cliath

**Modhanna Iompair:** dhá héileacaptar, eitleán amháin

**Áirítear ar na róil agus na réimsí dualgais:**
Coir a chosc nó a thabhairt chun aire, grianghrafadóireacht ón aer, bailiú fianaise agus faisnéise, bainistíocht tráchta agus monatóireacht tráchta.

Tá na héileacaptair feistithe le ceamaraí de scoth na linne seo maidir le grianghrafadóireacht le solas an lae nó le híomhánna teirmeacha, soilse cuardaigh agus trealamh cumarsáide.





# Aonad Marcthacaíochta an Gharda Síochána

**Bunaíodh:** 1998

**Bunáit:** Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath

**Modhanna Iompair:** Capaill

**Áirítear ar na róil agus na réimsí dualgais:**
Cuardach daoine atá ar iarraidh i gceantair garbhlaigh, an t-ord poiblí agus smacht ar shluaite (mar shampla ag cluichí nó féilte), póilíneacht pobail, cuairteanna ar scoileanna agus ar thionscadail pobail san áireamh.

Bíonn capaill an Gharda ag obair in áiteanna plódaithe, san áit a mbíonn sluaite cruinnithe go hiondúil. Ní mór don chapall a bheith cróga calma agus in ann chuig cásanna struis agus fiú amháin chuig foréigean gan éirí míshuaimhneach.



# Aonad Gadhar an Gharda Síochána

**Bunaíodh:** 1960

**An Phríomhbhunáit:** Beairic na nGardaí, Cill Mhaighneann

**Modhanna Iompair:** Carranna nó veaineanna in éineacht leis na láimhseálaithe

**Róil agus réimsí dualgais:** cuardach daoine agus cuardach fianaise, cásanna tromchúiseacha corraíola, mar shampla círéib, a shuaimhniú ar mhaithe leis an ord poiblí, cuidiú le daoine a ghabháil, oibriú ina "mbrathadóirí", mar shampla maidir le drugaí nó ábhar pléascaigh a aimsiú.

Tá ní speisialta ag an ngadhar nach bhfuil ag an duine ná ag baint le trealamh ar bith a bhíonn ag duine - an tsrón ghéar! Tá an gadhar in ann boladh a fháil nach eol don duine a bheith ann ar chor ar bith, rud a fhágann an-tábhacht leo nuair a bhíonn duine, drugaí nó ábhar pléascaigh á chuardach.





# Aonad Uisce an Gharda Síochána


**Bunaíodh:** 1973

**Bunáiteanna:** Beairic na nGardaí, Seantrabh agus Beairic na nGardaí, Baile Átha Luain

**Modhanna Iompair:** Báid phatróil agus báid inséidte

**Róil agus réimsí dualgais:** Tumadóireacht, cuardach in áiteanna cúnga, mar shampla séaraigh, báid innill (mhórchumhachta) a thiomáint, trealamh SONAR a oibriú maidir le cuardach faoi uisce, grianghrafadóireacht faoi uisce

Is iondúil gur obair maidir le daoine atá ar iarraidh a chuardach nó fianaise a chuardach a bhíonn ar siúl ag an Aonad Uisce chomh maith le cuardach san uisce ar mhaithe le cúrsaí slándála, in aibhneacha, locha nó sa bhfarraige le cósta na hÉireann.





# Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána

**Bunaíodh:** 1991

**Róil agus réimsí dualgais:** Ríomhairí a scrúdú ar mhaithe le hábhar fianaise a aimsiú orthu nuair atá imscrúdú faoi chás coireachta ar siúl, fiosrúchán a dhéanamh maidir le coireanna ar an idirlíon, mar shampla láithreán gréasáin a haiceáil nó sceamáil ar líne.

Is gné thábhachtach den phóilíneacht sa lá atá inniu ann an t-idirlíon agus ríomhairí. Chomh maith le freastal do chuid d'obair na nGardaí, tá an t-idirlíon freisin ina réimse eile ina dtarlaíonn coireanna. Bíonn leas as scileanna an Aonaid Cibearchoireachta maidir le breith ar dhaoine a dhéanann cuid mhór coireanna tromchúiseacha ar líne agus sa saol dáiríre.



# Aonad Tacaíochta faoi Airm an Gharda Síochána

**Bunaíodh:** 2008

Cuireadh na hAonaid Tacaíochta faoi Airm ar bun sa bhliain 2008. Is aonaid réigiúnacha speisialta iad faoi arm tine. Tá aonad lonnaithe i ngach ceann de cheithre réigiún an Gharda Síochána sa tír. Bíonn na Gardaí sna hAonaid Tacaíochta faoi Airm sároilte, bíonn feithiclí mionchóirithe acu agus arm tine ar iompar acu chomh maith le trealamh eile.






# Iniúchóirí Láithreacha Coire an Gharda Síochána

Dream an-tábhachtach sa Gharda Síochána iad na hIniúchóirí Láithreacha Coire. Bíonn siad ceangailte le gach Roinn den Gharda agus téann siad amach ar an láthair nuair a iarrtar sin. Oibríonn siad go dlúth le Biúró Teicniúil an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath agus le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann. Bíonn na hIniúchóirí Láithreacha Coire i measc na nGardaí is túisce a n-iarrtar orthu freastal ar láthair coire tromchúisí, é de chúram orthu torthaí a dhoiciméadú go cúramach, agus baintear úsáid as nótaí, sceitsí, grianghraif, físeáin agus mapáil nuair atáthar ag bailiú ní ar bith a bhféadfadh baint a bheith aige leis an gcoir ionas go mbíonn oiread agus is féidir den ábhar fianaise ar fáil nuair a theastaíonn.

Is é an misean atá acu ná fianaise a aimsiú agus a bhailiú, lena n-áirítear fianaise ar bith a fhágtar ag láithreacha coire nach féidir a fheiceáil. Tá idir scileanna bleachtaireachta agus cur amach ar an eolaíocht ag na saineolaithe seo. Bíonn siad de shíor ag foghlaim nithe nua agus ag dul in oiriúint do na cora is deireanaí maidir le hIniúchadh ar Láthair Choire agus Eolaíocht Fhóiréinseach.

Cuirtear ábhar fianaise a aimsítear ag láthair choire, amhail fuil, DNA, cáipéisí, drugaí, agus ábhar fianaise eile ar aghaidh chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann lena scrúdú. D'fhéadfadh gur mór a chuirfeadh eolas ón scrúdú sin le fiosrú na coire tríd is tríd. Áirítear ar an bhfianaise sin nithe amhail lorg méire, lorg boinn agus lorg uirlise fiú.



# Cúltaca an Gharda Síochána

Nuair a bhíonn na Gardaí Cúltaca ar dualgas, bíonn roinnt áirithe de chumhachtaí an Gharda acu. Déanann siad dualgas póilíneachta de réir mar a leagann an Coimisinéir amach. Bíonn siad faoi mhaoirseacht ghnáthbhaill den Gharda Síochána agus cúnamh acu uathu.

Patról a dhéanamh go háitiúil an príomhról a leagtar ar an gCúltaca, chomh maith le tionscadail d'fhonn coireacht a mhaolú.

Oibríonn daoine de Chúltaca an Gharda freisin maidir le heachtraí agus imeachtaí móra póilíneachta agus cuireann siad cúnamh taca ar fáil do ghnáthbhaill an Gharda de réir mar atá cumas nó eolas faoi leith ag an nGarda Cúltaca a chuideodh leo. Bítear ag súil le seirbhís ar ardchaighdeán uathu i gcónaí agus is comhartha soiléir iad go bhfuil comhar páirtnéireachta idir an Garda Síochána agus an pobal.

Thosaigh an chéad dream de Chúltaca an Gharda i mbun oiliúna i gColáiste na nGardaí, an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann ar an 30 Meán Fómhair 2006.



# Aonad Oird Phoiblí an Gharda Síochána

Is aonad de chomhaltaí an Gharda Síochána atá oilte go speisialta é Aonad Oird Phoiblí an Gharda Síochána a  dhéileálann le heachtraí a bhaineann le hord poiblí mór lena n-áirítear agóidí agus círéibeacha sa chás go dtagann siad chun cinn.  Is comhaltaí faoi éide a bhíonn ar fostú go lánaimseartha go hiondúil le gnáthdhualgais phóilíneachta iad na Gardaí a shanntar chuig Aonaid Oird Phoiblí.

Tá na Gardaí sin lonnaithe i ngach Rannán Gardaí agus tá siad oilte ar bhainistiú sluaite go suaimhneach agus ar theaictící oird phoiblí.  Nuair a leagtar dualgas ón Aonad Oird Phoiblí orthu, caitheann siad rabhlaeir lasairmhoillitheacha chomh maith le trealamh cosanta eile amhail clogaid, lámhainní agus armúr colainne, ag brath ar an leibhéal ainrialach atá ann, le go mbeifear in ann iad a aithint go soiléir.  Nuair atá siad ar dualgas, bíonn sciatha á n-iompar acu freisin.

Cuirfear iad ar fuireachas go rialta do mhórimeachtaí amhail mórshiúlta, cluichí, ceolchoirmeacha agus cuairteanna VIP.

21 comhalta faoi smacht Cigire atá in Aonad Oird Phoiblí de chuid na Roinne.




# Réigiúin na nGardaí

**Tá 4 réigiún sa tír maidir le cúrsaí póilíneachta agus Coimisinéir Cúnta i gceannas i ngach réigiún**

**Seo a leanas na réigiúin:**

- Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Réigiún an Iarthuaiscirt
- Réigiún an Deiscirt
- Réigiún an Oirthir




# Gráid an Gharda in ord íslitheach:



**Coimisinéir**



**Leaschoimisinéir**



**Coimisinéir Cúnta**



**Ardcheannfort**



**Ceannfort**



**Cigire**




**Sáirsint**




**Garda**




**Garda Cúltaca**

An rannóg atá i gceist leis na litreacha ar an nguailleog, e.g. ciallaíonn GA Gaillimh

# Foinsí breise Eolais:

## Eolas

Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin

Leathanach Baile an Gharda Síochána
https://www.garda.ie/en/

The Guardians: 100 Years of An Garda Síochána
- léigh sliocht
https://www.rte.ie/culture/2022/0915/1321538-the-guardians-100-years-of-an-garda-siochana-read-an-extract/

Stair éidí an Gharda Síochána ó 1922 i leith
https://www.facebook.com/watch/?v=846960629068477

MUSEUM EYE: Múseam an Gharda Síochána
https://www.historyireland.com/museum-eye-garda-museum/

An Garda Síochána - Gaillimh
https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/an-garda-siochana-galway-gaillimh-1922-2022

Garda Síochána na hÉireann - Póilíní Náisiúnta na hÉireann
http://www.policehistory.com/garda.html

https://www.facebook.com/p/Garda-S%C3%ADoch%C3%A1na-North-Western-Region-100066974528653/

# Foinsí breise Eolais:

**Eolas** Fíricí le léamh ag gníomhairí údaraithe amháin

Feachtas Earcaíochta an Gharda Síochána
https://www.youtube.com/watch?v=HunfYN2KR4M

Oiliúint Gardaí
https://www.youtube.com/watch?v=PDLvlk9B-uw

Fianú an Gharda Síochána: Coláiste an Gharda Síochána, 15 Nollaig 2023
https://www.youtube.com/watch?v=H9avi2aGcaw

Gairmeacha sa Gharda Síochána
https://www.youtube.com/watch?v=UFIZG1HmgDk

Taobh Istigh d'Aonad Gadhar an Gharda Síochána
https://youtu.be/xwjx7ldDiOg?si=5-hh1teg4WS4K_iL

Aonad Marcthacaíochta an Gharda Síochána - Ag dul ar patról
https://youtu.be/gG_0dU_e7jM?si=jBf_TDB4aYSrXNrq

Cuir Aithne ar Aonad Aerthacaíochta an Gharda SíochánaAonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána
https://youtu.be/Qm0BWtr0lKQ?si=8B-CA-OnPH1ozKUh

Cúltaca an Gharda Síochána
https://www.youtube.com/watch?v=mOLeQBnQdQ4

Céad Bliain ag Coinneáil Daoine Sábháilte
https://www.youtube.com/watch?v=od2k2SJEch4

# Bileoga Saothair

## Beart 1: Fórsa Neamhspleách Póilíneachta

Féach an chiall atá leis na focail seo san fhoclóir agus pléigh na ceisteanna thíos.

**Neamhspleách** **Poblacht** **Daonlathas**

### Ceisteanna:

**Céard atá i gceist le fórsa neamhspleách póilíneachta?**
Freagra:

**Cén tábhacht is dóigh leatsa atá le Fórsa Neamhspleách Póilíneachta?**
Freagra:

**Cén sórt tír an tír dhaonlathach?**
Freagra:

**Cén sórt tír í tír ar Poblacht í?**
Freagra:

## Roghnaigh ceann amháin de na focail a d'fhiosraigh tú agus

a) scríobh trí abairt faoi, Nó

b) tarraing pictiúr a sheasann don fhocal

## Beart 2: Focail i bhFolach

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I | U | R | S | N | I | F | F | E | R | D | O | G | F | G |
| Z | J | L | T | R | U | N | C | H | E | O | N | E | F | F |
| J | K | H | U | I | T | L | R | V | K | F | Y | C | G | P |
| Y | E | R | J | X | H | O | R | S | E | B | L | W | U | H |
| D | W | C | I | V | I | L | W | A | R | X | S | A | A | P |
| I | N | D | E | P | E | N | D | E | N | C | E | R | R | E |
| U | W | J | G | U | K | O | I | R | E | L | A | N | D | P |
| N | I | Z | C | O | M | M | U | N | I | T | Y | J | B | P |
| I | R | B | V | U | E | K | I | S | U | K | P | R | A | E |
| F | I | I | R | K | G | C | P | X | Y | W | P | B | R | R |
| O | S | C | J | D | T | B | R | I | T | I | S | H | R | S |
| R | H | Y | D | O | P | E | A | C | E | X | U | O | A | P |
| M | M | C | W | D | R | E | P | U | B | L | I | C | C | R |
| U | Y | L | N | S | Q | U | A | D | C | A | R | V | K | A |
| T | T | E | G | B | L | U | E | L | I | G | H | T | S | Y |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Independence | Bicycle | Peace | British |
| Community | Pepper Spray | Guard | Uniform |
| Civil war | Republic | Truncheon | Irish |
| Squad Car | Sniffer Dog | Blue Light | War |
| Horse | Barracks | Ireland | |

## Beart 3: Focail le Fiosrú

### Féach an chiall atá leis na focail seo san fhoclóir

Míchlú
Scigdhráma
Treallchogaíocht
Ainghníomh
Baghcat
Daonchara
Sos cogaidh




## Beart 4: Tráth na gCeist - Roghnaigh an Freagra Ceart

**Freagair na ceisteanna seo a leanas trí chiorcal a chur thart ar an bhfreagra ceart**

### Cén uair a bunaíodh Saorstát Éireann?

A. Nuair a bhí earraí ar bith a raibh siúcra iontu saor in aisce

B. Nuair a fuair Éire saoirse ón mBreatain

C. Nuair a bhí cead ag gach duine a rogha rud a dhéanamh

### Céard iad na focail (i mBéarla) dá seasann RIC?

A. Royal Iced Cake

B. Radios In Cars

C. Royal Irish Constabulary

### Cén chiall atá leis an nGarda Síochána??

A. Gardaí atá ina suí síos

B. Daoine nach ligeann do ghadaithe cathaoireacha a thógáil

C. Daoine a bhfuil de dhualgas orthu an tsíocháin a choinneáil i réim

### Céard é Bonn Scott?

A. Bonn a bhronntar as ucht crógachta

B. Bonn a bhronntar mar gheall ar shnámh

C. Bonn a bhronntar mar gheall ar dhamhsa

## Beart 5: Obair Ghrúpa

### Déan dearthóireacht ar bhonn nua do na Gardaí

- Cén chúis a bheidh leis an mbonn nua seo a bhronnadh?
- Croch suas na léaráidí ar fad agus eagraigh toghchán faoi rún go roghnaítear an ceann is fearr.
- Anois, le hábhar ceardaíochta, déan macasamhail den bhonn a roghnaíodh.




# Beart 6: An Stair ina Ceart - Meascán Mearaí

Oibrígí, ceathrar sa ghrúpa, leis an Tráthchlár atá i dtosach an leabhair saothair leis na heachtraí seo a leanas a mheaitseáil leis an dáta ceart. Ionas gur fearr an spraoi a bhíonn as seo, cuir teorainn ama 10 nóiméad leis an obair.

## An bhfuil sibh réidh? Tosaigh!

Seiceáil na freagraí leis an gcuid eile den rang go bhfeicfidh sibh cé mar a d'éirigh libh.

## Dáta:

**a.** 1916

**b.** 21 Eanáir 1919

**c.** 1919-1921

**d.** 6 Nollaig 1921

**e.** Eanáir 1922

**f.** 22 Feabhra 1922

**g.** 1922 – 1923

**h.** 17 Lúnasa 1922

**i.** 8 Lúnasa 1923

**j.** 29 Nollaig 1937

## Eachtra:

**1.** Ghlac Saorstát Éireann le 'Éire' mar ainm oifigiúil

**2.** Chuir Sinn Féin rialtas neamhspleách ar bun agus fógraíodh saoirse na hÉireann

**3.** Síníodh an Conradh Angla-Éireannach

**4.** Cogadh na gCarad

**5.** Bunaíodh an Garda Sibhialta

**6.** Éirí Amach na Cásca

**7.** Cogadh na Saoirse

**8.** Cuireadh deireadh le Constáblacht Ríoga na hÉireann

**9.** Athainmníodh an Garda Sibhialta faoin ainm an Garda Síochána

**10.** Tugadh Caisleán Bhaile Átha Cliath ar láimh go foirmeálta do mhuintir na hÉireann

# Beart 7: Póilíneacht Pobail

## 1. Déan plé sa rang ar na dreamanna éagsúla agus na daoine éagsúla atá i bpobal do cheantair féin. Seo roinnt rudaí le cur san áireamh:

**Daoine** - An bhfuil ospidéal, áras do sheandaoine, scoil dara leibhéal, oispís, Oifig an Phoist, Banc, ionad siopadóireachta, ionad leighis, ionad pobail nó páirceanna imeartha sa cheantar?

Smaoinigh ar na hócáidí a bhíonn ar siúl sa cheantar, mar shampla Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig, paráideanna pobail, rásaí capall agus féilte.

An raibh tú riamh ag rásaí bóthair (rith nó rothaíocht nó railí carranna), ag cluichí peile nó ag ócáid eile spóirt a raibh na Gardaí ar dualgas ann? An bhfaca tú iad? Céard a bhí ar siúl acu? An raibh siad ag imeacht de shiúl na gcos, i gcarr, ag marcaíocht capaill nó ar ghluaisrothar?

## 2. Oibrígí, ceathrar sa ghrúpa, ar íomhá de phobal an cheantair.


Sa bhaile, bailigh irisí, páipéir nuachta agus íomhá ar bith atá cead agat a thógáil (iarr cead ar do chuid tuismitheoirí/caomhnóirí sula stróiceann tú aon iris dá gcuid!)

Ar scoil, oibrígí le chéile ar feadh ceathrú huaire ag stróiceadh amach na n-íomhánna a sheasfaidh do na daoine agus na cásanna atá pléite agaibh. Mura bhfuil pictiúr ar fáil a sheasfaidh do rud atá le cur sa léaráid, tarraing pictiúr ina áit. Úsáidigí cairtchlár (bheadh ábhar athchúrsáilte go breá) nó cairtpháipéar bán agus cuir colláis le chéile maidir le muintir an phobail ar fad.

## 3. Anois, déan plé ar an gcaoi a gcuidíonn na Gardaí leis an bpobal. An bhfuil aon scéal agatsa ba mhaith leat a insint don ghrúpa?

CRIME SCENE DO NOT

# Beart 8: Carr Gardaí - Gearrthóg




- Cliceáil ar an nasc, priontáil an ghearrthóg agus cuir an Carr Gardaí le chéile [https://www.garda.ie/en/about-us/organised-serious-crime/operational-support-services/the-garda-mounted-support-unit/](https://www.garda.ie/en/about-us/organised-serious-crime/operational-support-services/the-garda-mounted-support-unit/)
- Cén modh iompair ab fhearr leat féin dá mbeifeá i do Gharda?
- Tarraing pictiúr díot féin i do Gharda agus an modh iompair sin in úsáid agat

## Beart 9: Lá i Saol an Gharda faoi Oiliúint

Cliceáil ar an nasc agus breathnaigh ar an bhfíseán faoi lá i saol an Gharda faoi oiliúint in éineacht leis an rang.  Déan plé ansin ar na ceisteanna thíos.

https://www.garda.ie/en/careers/day-in-the-life-of-a-trainee-garda/

**A.** Céard a thaitneodh leat faoi bheith i do Gharda?

**B.** Céard a cheapann tú a bheadh deacair?

**C.** Cén tAonad de chuid an Gharda is mó ar mhaith leat a bheith ceangailte leis?  Cén fáth?

**D.** An mbeadh aon cheann de do chuid peataí úsáideach ag na Gardaí? Cén fáth?




# Beart 10: Tráth na gCeist

1. **Cén bhliain ar forógraíodh Poblacht na hÉireann?**
   Freagra:
2. **Cén chúis a bhí le Cogadh na Saoirse?**
   Freagra:
3. **Cén uair a bhí Cogadh na Saoirse ar siúl?**
   Freagra:
4. **Cén chúis a bhí le Cogadh na gCarad?**
   Freagra:
5. **Tabhair míniú i mBéarla ar an nGarda Síochána.**
   Freagra:
6. **Cérbh iad an RIC ?**
   Freagra:
7. **Céard é Bonn Scott?**
   Freagra:
8. **Cén focal a bhíodh, roimh an mbliain 1990, ar bhean a bhí ina garda?**
   Freagra:
9. **Ainmnigh trí mhodh iompair a úsáideann na Gardaí?**
   Freagra:
10. **Ainmnigh dhá chineál ainmhí a chuidíonn leis na Gardaí i mbun a gcuid oibre.**
    Freagra:
11. **Ainmnigh dhá Aonad Speisialta de chuid an Gharda Síochána?**
    Freagra:
12. **Cén contae ina bhfuil Coláiste na nGardaí?**
    Freagra:
13. **Ainmnigh dhá phíosa trealaimh a bhíonn ar iompar nó á chaitheamh ag an gcuid is mó de na Gardaí.**
    Freagra:
14. **Cén ball d’éide an Gharda atá a bheag nó a mhór gan athrú ó na laethanta tosaigh?**
    Freagra:

## Nótaí




CRIME SCENE DO NOT


SCENE
NOT


IS TUSA AN DIFRÍOCHT